AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 3.3.2010
COIM(2010) 71 leagan deireanach

2010/0047 (COD)

C7-0063/10

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Is éard is aidhm le togra reatha an Choimisiúin an Rialachán Airgeadais a leasú i gcomhréir le Conradh Liospóin tar éis dó teacht i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009. Le Conradh Liospóin tugtar isteach athruithe substaintiúla i dtaca le saincheisteanna buiséadacha agus airgeadais ar ceart iad a thrasuíomh sa Rialachán Airgeadais (RA), lena rialaítear na rialacha agus na nósanna imeachta go léir is infheidhme maidir le húsáid cistí an AE agus nach foláir do na hinstitiúidí go léir a urramú.

Tíolacfaidh an Coimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 184 den Rialachán Airgeadais, a thogra le haghaidh athbhreithniú tríbhliantúil an Rialacháin Airgeadais ag deireadh an chéad sheimeastair 2010. Mar sin féin, measann an Coimisiún go gcaithfear athbhreithniú ad-hoc mear a dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais agus ar na Rialacha cur chun feidhme roimh an athbhreithniú tríbhliantúil agus ar leithligh uaidh. Tá gá, gan amhras, le hathbhreithniú teormharcáilte dá leithéid chun creat dlí cobhsaí a áirithiú chun an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gConradh nua. Cuimseofar ceisteanna eile i ndáil le Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Eachtraí (EEAS) a chruthú i dtogra ar leithla thíolacfaidh an Coimisiún go luath.

### Athruithe a eascraíonn ó Chonradh Liospóin

Den chéad uair le fiche nó tríocha bliain anuas, foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) d'athruithe tábhachtacha maidir le ceisteanna buiséadacha agus airgeadais, ar ceart iad a shonrú sa Rialachán Airgeadais. Ba cheart mar sin forálacha leormhaithe an Rialacháin Airgeadais a thabhairt isteach nó a mhodhnú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

- an creat airgeadais ilbhliantúil a thabhairt isteach sa Chonradh, mar aon lena nasc leis an nós imeachta buiséadach bliantúil: maidir leis sin, mar thoradh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i CFAE a thabhairt isteach, ba cheart roinnt forálacha de chuid an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh (IIA) maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais a thabhairt isteach sa Rialachán Airgeadais.

- an nós imeachta buiséadach bliantúil nua agus díothú an idirdhealaithe idir caiteachas éigeantach agus caiteachas neamhéigeantach, a bhfuil tionchar acu ar na forálacha maidir le haistrithe agus le córas na ndóú codanna déag sealadacha;

De réir an togra reatha is féidir an Rialachán Airgeadais a athchóiriú i gcomhréir le Conradh Liospóin, trí oiriúnuithe teicniúla agus scrios forálacha atá as feidhm.

Tugadh isteach forálacha nua in Airteagal 317 CFAE i ndáil le hoibleagáidí maidir le rialú agus iniúchóireacht na mBallstát i gcur chun feidhme an bhuiséid, mar aon le Pointe 44 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais. Tá gá le hanailís orthusan agus molfar iad in éineacht le hathbhreithniú tríbhliantúil an Rialacháin Airgeadais. Agus an athbhreithniú tríbhliantúil á dhéanamh ba cheart an deis a thapadh chun an téacs a chódú agus a athmhúnlú chun, go háirithe, athuimhriú fhorálacha an Chonartha a chur san áireamh.

2010/0047 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[2] (dá ngairtear an "Rialachán Airgeadais" anseo feasta), leagtar síos prionsabail bhuiséadacha agus rialacha airgeadais ar chóir iad a urramú sna gníomhartha reachtacha go léir. Is gá forálacha áirithe an Rialacháin Airgeadais a leasú chun leasuithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

(2) I ngeall ar nádúr sonrach an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus a chúraimí, go háirithe a neamhspleáchas maidir lena airgeadas a bhainistiú, ba cheart é a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin Airgeadais. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh sin ó dháta theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin.

(3) Bhí an comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla mar dhlúthchuid de bheartais eile agus gníomhaíochtaí inmheánacha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Níl call cuí a thuilleadh leis na forálacha sonracha airgeadais is infheidhme maidir leis an mbeartas sin agus ba cheart iad a scrios dá réir.

(4) De réir chreat airgeadais ilbhliantúil 2007-2013, níl an Ciste Ráthaíochta um ghníomhaíochtaí seachtracha faoi réir réimis speisialta a thuilleadh. Tá líne buiséid tiomanta ann anois ina n-iontráiltear íocaíochtaí leis an gCiste ó bhuiséad ginearálta an

1 IO C , , lch.

2 IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

Aontais Eorpaigh. Níl gá a thuilleadh leis na forálacha sonracha airgeadais is infheidhme agus ba cheart iad a scrios dá réir.

(5) Ba cheart na rialacha a shoiléiriú maidir le cás ina gcinnfidh Parlaimint na hEorpa laghdú a dhéanamh ar mhéid an chaiteachais bhreise a sháraíonn na dóú codanna déag sealadacha arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 315 den Chonradh.

(6) Bunaíodh creat airgeadais ilbhliantúil 2007-2013 trí Chomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais[3]. Ós rud go gceanglaítear sa Chonradh an creat airgeadais ilbhliantúil a leagan síos i bhfoirm rialacháin, is gá forálacha áirithe ón gComhaontú Idirinstitiúideach sin a chorprú sa Rialachán Airgeadais. D'fhonn smacht buiséadach a áirithiú, go háirithe, is gá nasc a bhunú idir an creat airgeadais ilbhliantúil agus an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is gá freisin forálacha a áireamh maidir le gealltanas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle cloí leis na leithrannta maidir le leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí atá leagtha síos sna gníomhartha bunúsacha um oibríochtaí struchtúrtha, forbairt tuaithe agus an Ciste Iascaigh Eorpach.

(7) Ní dhéantar aon dealú a thuilleadh idir caiteachas éigeantach agus caiteachas neamhéigeantach. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha maidir le haistrithe a oiriúnú dá réir.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 316 den Chonradh, ba cheart foráil a dhéanamh go gcomhroinnfidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle an roinn chéanna den Bhuiséad.

(9) Ba cheart an nós imeachta buiséadach bliantúil atá leasaithe faoin gConradh a léiriú sa Rialachán Airgeadais.

(10) I réimse na gníomhaíochta seachtraí, ba cheart an nós imeachta lena nglactar bearta ullmhúcháin a oiriúnú d'fhorálacha an Chonartha.

(11) Ní foláir don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta ar chúrsaí airgeadais an Aontais Eorpaigh bunaithe ar na torthaí arna mbaint amach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart dá bhrí sin forálacha leormhaithe a thabhairt isteach sa Rialachán Airgeadais le haghaidh tuarascála dá leithéid i ndáil le ceanglais tuairiscithe eile.

(12) Is ceart Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 mar seo a leanas:

---

[3] IO C 139, 14.6.2006, lch. 1.

(1) I dteideal an Rialacháin, cuirtear na focail "buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh" in ionad na bhfocal "buiséad ginearálta na gComhphobal".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*"Airteagal 1*

1. Leagtar síos, leis an Rialachán seo, na rialacha chun buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (dá ngairfear 'an buiséad' anseo feasta) a bhunú agus a chur chun feidhme, agus chun na cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur institiúidí de chuid an Aontais iad an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, Coiste na Réigiún, an tOmbudsman agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Chun críocha an Rialacháin seo, ní mheasfar gur institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh é an Banc Ceannais Eorpach.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, tuigfear aon tagairt do "na Comhphobail" nó don "Aontas" mar thagairt don "Aontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach"."

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ioncam agus caiteachas an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear caiteachas riaracháin de chuid na n-institiúidí arb é is údar leis forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, agus an caiteachas oibriúcháin arb é is údar leis cur chun feidhme na bhforálacha sin ina muirearaítear é sin ar an mbuiséad;"

(b) scriostar mír 3.

(4) Leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an giorrúchán "OIN" (ollioncam náisiúnta) in ionad "OTN" (olltáirgeacht náisiúnta);

(b) i mír 6, cuirtear na focail "Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)" in ionad "Roinn Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT)".

(5) Leasaítear Airteagal 13 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Mura mbeidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad ag tús na bliana airgeadais, beidh feidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 315 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le caiteachas a ghealladh agus maidir le caiteachas a íoc a bhíothas in ann a chur in

áirithe do chaibidil shonrach sa bhuiséad mar chuid de chur chun feidhme an bhuiséid dheireanaigh a glacadh go cuí."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Má theastaíonn sé ar mhaithe le comhleanúnachas ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh agus de bharr riachtanas bainistíochta, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, dhá chuid nó níos mó as na dóú codanna déag sealadacha a údarú le haghaidh caiteachais faoi chomhair oibleagáidí agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, de bhreis ar na cinn a chuirtear ar fáil i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Cuirfidh sí an cinneadh maidir le húdarú ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa gan mhoill.

Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm tríocha lá tar éis a ghlactha ach amháin má chinneann Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach a comhaltaí, an caiteachas sin a laghdú laistigh de na tríocha lá sin.

Más rud é go gcinneann Parlaimint na hEorpa an caiteachas sin a laghdú, athbhreithneoidh an Chomhairle an cinneadh maidir le húdarú, ag cur san áireamh an méid a cheadaigh Parlaimint na hEorpa.

Údarófar na dóú codanna déag ina n-iomláine agus ní bheidh siad inroinnte."

(c) scriostar mír 4.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

*"Airteagal 16*

Déanfar an creat airgeadais ilbhliantúil agus an buiséad a tharraingt suas agus a chur chun feidhme in euro agus tíolacfar na cuntais in euro.

Chun críocha sreafa airgid dá dtagraítear in Airteagal 61, áfach, údarófar an t-oifigeach cuntasaíochta, agus i gcás cuntais an óinchiste, riarthóirí an óinchiste, agus, maidir le riachtanais bhainistíocht riaracháin na seirbhísí atá i bhfeighil ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, chun na hoibríochtaí a chur i gcrích sna hairgeadraí náisiúnta mar a leagtar amach iad sna rialacha cur chun feidhme."

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

*"Airteagal 24*

1. Cuirfidh an Coimisiún a thogra faoi bhráid dhá bhrainse an údaráis bhuiséadaigh ar comhuain.

2. Glacfaidh an t-údarás buiséid cinntí maidir le haistriú leithreasaí dá bhforáiltear i míreanna 3 go 6, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt i dTeideal I de Chuid a Dó.

3. Cé is moite d'imthosca práinne, tiocfaidh an Chomhairle, trí thromlach cáilithe, agus Parlaimint na hEorpa, ar chinneadh maidir leis an togra ón gCoimisiún laistigh de sé seachtaine ón dáta ar a bhfuair an dá institiúid an togra le haghaidh gach aistriú a chuirtear faoina mbráid.

4. Déanfar an togra le haghaidh aistriú a fhormheas, más rud é laistigh den tréimhse sé seachtaine:

- go ndéanann an dá bhrainse é a fhormheas;

- go ndéanann brainse amháin é a fhormheas agus go staonann an brainse eile ó ghníomhú;

- go staonann an dá bhrainse ó ghníomhú nó nach bhfuil cinneadh déanta acu i gcoinne an togra ón gCoimisiún.

5. Laghdófar an tréimhse sé seachtaine dá dtagraítear faoi phointe 4 go trí seachtaine, ach amháin má iarrann brainse amháin den údarás bhuiséadach a mhalairt, sna cásanna seo a leanas:

i) is lú an t-aistriú ná 10 % de leithreasaí na líne buiséid óna ndéantar an t-aistriú agus ní mó ná EUR 5 milliún é;

nó

ii) is le leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí amháin a bhaineann an t-aistriú agus ní mó ná EUR 100 milliún méid iomlán an aistrithe.

6. Más rud é gur leasaigh brainse amháin de dhá bhrainse an údaráis bhuiséadaigh an t-aistriú agus go staonann an brainse eile ó ghníomhú, nó más rud é gur leasaigh an dá bhrainse an t-aistriú, measfar an méid níos lú a cheadaigh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a bheith ceadaithe, ach amháin má tharraingíonn an Coimisiún siar a thogra."

(8) Leasaítear Airteagal 26 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh den dara fomhír de mhír 2:

"Beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) agus (4)."

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú abairt d'Airteagal 27(3):

"An fhaisnéis sin, dá dtagraítear in Airteagal 33(2)(d), cuirfear ar fáil go bliantúil í agus tráth nach deireanaí ná sna doiciméid a ghabhann leis an dréachtbhuiséad."

(10) In Airteagal 30, scriostar mír 2.

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad míre d'Airteagal 31:

"Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Chúirt Iniúchóirí, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, Coiste na Réigiún, an tOmbudsman agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí meastachán a tharraingt suas maidir lena n-ioncam agus maidir lena gcaiteachas agus seolfaidh siad chuig an gCoimisiún roimh an 1 Iúil gach bliain é."

(12) Leasaítear Airteagal 33 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tíolacfaidh an Coimisiún togra ina mbeidh an dréachtbhuiséad do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair den bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an buiséad le cur chun feidhme.

Beidh ráiteas achomair ginearálta ar chaiteachas agus ar ioncam an Aontais sa dréachtbhuiséad agus comhdhlúthófar leis na meastacháin dá dtagraítear in Airteagal 31."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 2:

"Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas i gceangal leis an dréachtbhuiséad:".

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

*"Airteagal 34*

Go dtí go dtionólfar an Coiste Idir-réitigh dá dtagraítear in Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó má iarrann na hinstitiúidí eile air, gach ceann acu i leith a ranna féin, litreacha leasaitheacha ar an dréachtbhuiséad a thíolacadh go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhonn faisnéise nua nach raibh ar fáil tráth a bunaíodh an dréacht, lena n-áirítear litir leasaitheach lena n-uasdhátaítear na meastacháin caiteachais don talmhaíocht."

(14) Cuirtear isteach Airteagal 34*a* mar seo a leanas:

*"Airteagal 34a*

Nuair a thagann an Coiste Idir-réitigh ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iarracht toradh an Choiste Idir-réitigh a fhormheas chomh luath agus is féidir i gcomhréir le hAirteagal 314(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta inmheánacha faoi seach."

(15) Scriostar Airteagal 35.

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37:

*"Airteagal 37*

1. Má bhíonn cúinsí dosheachanta, eisceachtúla nó neamhthuartha ann, féadfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha a thíolacadh.

   Cuirfidh institiúidí seachas an Coimisiún chuig an gCoimisiún iarrataí ar bhuiséid leasaitheacha, sna cúinsí céanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

   Sula dtíolacfaidh siad dréachtbhuiséad leasaitheach, déanfaidh an Coimisiún agus na hinstitiúidí eile an raon feidhme maidir le hathleithroinnt na leithreasaí ábhartha a scrúdú, ag cur san áireamh aon chur chun feidhme ar leithreasaí atá faoi bhun na céime cur chun feidhme a mbeifí ag súil léi.

2. Déanfaidh an Coimisiún, seachas i gcúinsí eisceachtúla, aon dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar comhuain faoin 1 Meán Fómhair ar a dhéanaí gach bliain. Féadfaidh sé tuairim a chur i gceangal leis na hiarrataí ar bhuiséid leasaitheacha ó na hinstitiúidí eile.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad a phlé agus aird chuí á tabhairt go bhfuil práinn leo."

(17) Scriostar Airteagal 38.

(18) In Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Féadfaidh an Coimisiún agus an t-údarás buiséid teacht ar aontú maidir le dátaí áirithe a thabhairt ar aghaidh maidir leis na meastacháin a tharchur, agus maidir leis an dréachtbhuiséad a ghlacadh agus a tharchur."

(19) In Airteagal 40, cuirtear an dara mír seo a leanas leis:

"Déanfaidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle an roinn chéanna den bhuiséad a chomhroinnt."

(20) Leasaítear Airteagal 46 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 de mhír 1:

"(2) i ngach roinn den bhuiséad, taispeánfar an t-ioncam agus an caiteachas de réir an struchtúir chéanna atá i bpointe 1;"

(b) scriostar pointe 5 de mhír 1.

(21) I dTeideal III, cuirtear Caibidil 3 mar seo a leanas leis:

**"Caibidil 3**
**Smacht buiséadach**

*Airteagal 47a*

Comhlíonfaidh an buiséad ceanglais an chreata airgeadais bhliantúil.

*Airteagal47b*

I gcás ina sárófaí na leithreasaí atá ar fáil sa bhuiséad nó na leithrannta atá ar fáil sa chreat airgeadais ilbhliantúil trí ghníomh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, ní fhéadfar an gníomh sin a chur chun feidhme i dtéarmaí airgeadais ach amháin tar éis leasú an bhuiséid agus, más gá, tar éis athbhreithniú an chreat airgeadais bhliantúil mar is iomchuí."

(22) Leasaítear Airteagal 49 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Glacfar bunghníomh den chéad uair sula n-úsáidfear na leithreasaí arna n-iontráil sa bhuiséad d'aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Agus Teideal V an Chonartha ar an Aontas Eorpach á chur i bhfeidhm, féadfar gníomh bunúsach a bheith i gceann de na foirmeacha arna sonrú in Airteagal 26(2), 28(1), 29, 31(2), 33, agus 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach"

(c) scriostar mír 4;

(d) leasaítear mír 6 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfar an méid seo a leanas a chur chun feidhme d'uireasa bunghnímh ar choinníoll go dtiocfaidh na gníomhaíochtaí a bhfuil siad ceaptha a mhaoiniú faoi réim chumhachtaí an Aontais:"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus (c):

"(b) leithreasaí le haghaidh beart ullmhúcháin i réimse chur i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo a ghlacadh. Caithfidh na gníomhaíochtaí ullmhúcháin cur chuige comhchuí a leanúint agus féadfaidh siad foirmeacha éagsúla a ghabháil. Ní fhéadfar na leithreasaí ábhartha gealltanais a iontráil sa bhuiséad ach le haghaidh trí bliana airgeadais as a chéile ar a mhéad. Ba cheart an nós imeachta reachtach a chríochnú roimh dheireadh an tríú bliain airgeadais. Le linn an nós imeachta reachtaigh, caithfidh na leithreasaí gealltanais a bheith ag freagairt do shainairíonna na gníomhaíochta ullmhúcháin a mhéid a bhaineann leis na

gníomhaíochtaí arna mbeartú, na haidhmeanna arna saothrú agus na tairbhithe. Dá dheasca sin, ní fhéadfaidh na modhanna arna gcur chun feidhme a bheith ag freagairt, ó thaobh cainníochta de, do na modhanna arna mbeartú chun an ghníomhaíocht chinnteach féin a mhaoiniú.

Agus an dréachtbhuiséad á thíolacadh aige, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil don údarás buiséid ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus sa chéad mhír den phointe seo agus beidh measúnú ar na torthaí agus na gníomhaíochtaí leantacha atá beartaithe sa tuarascáil sin freisin;

(c) leithreasaí a bhaineann le bearta ullmhúcháin i réimse Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Beidh na bearta seo teoranta do thréimhse ghairid agus ceapfar iad leis na coinníollacha do ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh a bhunú ar mhaithe le cuspóirí an CBES a bhaint amach agus leis na hionstraimí dlíthiúla is gá a ghlacadh;

Chun críocha oibríochtaí um bainistiú géarchéime an AE, ceaptar bearta ullmhúcháin chun, *inter alia*, na ceanglais oibriúcháin a mheas, foráil a dhéanamh maidir le hacmhainní a chur á n-úsáid go sciobtha, nó chun na coinníollacha ar an talamh a bhunú chun an oibríocht a sheoladh;

Comhaontóidh an Chomhairle bearta ullmhúcháin, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Chun a áirithiú go gcuirfear bearta ullmhúcháin chun feidhme go tapaidh, déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le rún na Comhairle beart ullmhúcháin a lainseáil agus go háirithe maidir le meastachán de na hacmhainní is gá chun na críche sin. I gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gach beart is gá chun eisíocaíocht sciobhta na gcistí a áirithiú;".

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 146(2):

"2. D'fhonn an íocaíocht a dheonú, scrúdóidh Parlaimint na hEorpa na cuntais, na ráitis airgeadais agus an tuarascáil mheastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 318 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tar éis don Chomhairle é sin a dhéanamh. Scrúdóidh Parlaimint na hEorpa freisin an tuarascáil bhliantúil arna déanamh ag an gCúirt Iniúchóirí mar aon le freagraí na n-institiúidí a bheidh á n-iniúchadh, agus aon tuarascálacha speisialta ábhartha ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis an mbliain airgeadais a bheidh i gceist agus ráiteas urrúis na Cúirte Iniúchóirí i dtaca le hiontaofacht na gcuntas agus le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbhearta is bun leo."

(24) Cuirtear isteach Airteagal 155a mar seo a leanas:

*"Airteagal 155a*

Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle orthu féin go n-urramóidh siad na leithrannta do leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí dá bhforáiltear sna gníomhartha bunúsacha ábhartha maidir le hoibríochtaí struchtúrtha, forbairt tuaithe agus an Ciste Iascaigh Eorpach."

(25) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 184:

*"Airteagal 184*

Gach trí bliana, nó aon uair is gá, beidh an Rialachán seo faoi réir athbhreithnithe i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 2 d'Airteagal 1 ón 1 Nollaig 2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |